Polasaí Religiúin

Chuir Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, Coiste na dTuismitheoirí agus tuismitheoirí na scoile an polasaí seo le chéile.

Aidhmeanna

- Tacú le tuismitheoirí creideamh na bpáistí a chothú agus a dhéanamh níos doimhne
- cabhrú le foireann na scoile Teagasc Críostaí a mhúineadh go héifeachtach ar bhonn scoile
- a chinntiú go bhfuil éiteas na scoile bunaithe ar luachanna an tSoiscéil
- cur chuige comhtháite a chothú maidir le múineadh an reiligiúin

Eolas

Is Scoil Naisiúnta í Scoil Chualann le héiteas Caitliceach. Is é Diarmaid Martin, Ard Easpag Chaitliceach Bhaile Átha Cliath patrún na scoile.
Tá séipéal Bhanríon na Síochána taobh leis an scoil.
Is ann a dhéanaimid na Sacraimintí a cheiliúradh.
Is iad na tuismitheoirí a dhéanann an cinneadh faoi ghlacadh na Sacraimintí.
Tugann an paróiste an-tacaíocht dúinn ach níl aon sagart ar fáil go bhfuil Gaeilge ar a thoil aige faoi láthair.
Níl aon séiplíneach againn agus an polasaí seo á chur le chéile.

Áiseanna

Tá an clár religiúin nua "I nGrá Dé" bunaithe ar an gcuraclam "The Catholic Preschool and Primary Religious Education Curriculum for Ireland"
Baintear úsáid as an gclár Beo go Deo freisin ó tharla nach bhfuil I nGrá Dé ar fáil do gach rang go fóill.
Tá gach a bhaineann leis na cláir seo curtha ar fáil do na múinteoirí agus tá pas ag na múinteoirí ionas go mbeidh fáil acu ar na hacmhainní do "I nGrá Dé "ar líne.
Baintear úsáid as na leabhair saothair do Bheo go Deo agus na leabhair do "I nGrá Dé "sa scoil seo.
Tugann na páistí na leabhair a ghabhann le "I nGrá Dé" abhaile go rialta.
Tá an Bíobla ar fáil sa scoil.
Glacann gach páiste gur Caitliceach é/í páirt sa rang teagasc Críostaí.

Siombail

Tá siombail ar taispeáint i Scoil Chualann a thugann le fios gur scoil Chaitliceach
í Bíonn Cros, dealbh na Maidine Muire, coinneal agus Bíobla ar taispeáint sa spás beannaithe sa halla.
Tá pictiúr de naomh patrún na scoile, Naomh Caoimhín, ar taispeáint sa halla .

Spás Beannaithe

Tá spás beannaithe sa halla. Bíonn cros, dealbh na Maidine Muire, coinneal agus Bíobla ar taispeáint sa spás seo.Tá umar uisce coiscrithe ag doras na scoile.
Ta spás urnaí sna seomraí ranga freisin.
Tugann pobal na scoile aire don spás beannaithe.
Cuirtear siombail liotúirgeacha éagsúla ar taispeáint i rith na bliana.

Is féidir le páistí siombail a chur sa spás má thograíonn siad. Uaireanta cuireann siad Leabhar Aifrinn ann nó grianghraf de ghaol leo a cailleadh.
Bíonn dlúthcheangal idir na siombail atá ar taispeáint agus na téamaí atá faoi chaibidil sna ranganna.

Guí
Bíonn tionóil na maidine againn gach maidin i Scoil Chualann. Deirtear paidreacha na maidine ag an tionóil. Tugtar aitheantas do na féilte Eaglasta le linn na tionóla.
Deir gach rang altú roimh agus tar éis bia agus paidir na hoíche sula dtéann siad abhaile.
Foghlaimíonn na páistí na paidreacha sna ranganna ag amTeagasc Críostaí agus ag an tionóil. Cuirtear béim ar fhreagraí an Aifrinn ag an tionóil roimh Aifreann scoile, roimh an gCéad Chomaoineach agus roimh an gCoineartú.
Bíonn searmanais againn ag amanna éagsúla sa bhliain 8 Nollaig (Aifreann má tá sagart ar fáil), 6 Eanáir (Aifreann),Seachtain na scoileanna Caitliceacha , Lá Fhéile Bríde, Beannú na seamróige do Lá Fhéile Pádraig, Céadaoin an Luaithrigh má tá sagart ar fáil. Muna bhfuil bíonn searmanas beag againn féin.
Lastar coinneal agus cantar iomainn ag na seirbhísí seo chun atmasféar cráifeach a chothú.

Na Sacraimintí
Bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí, ag sagairt agus ag múinteoirí i dtionscnamh liotúirgeach agus sacraimintiúil páistí. Is coda fíor-riachtanacha de thionsnamh sacraimintiúil leanaí iad éispéireas liotúirge an pharóiste agus cleachtas a dtuismitheoirí agus an phobail Chríostaí. Ina n-éagmais seo, is beag is féidir a bhaint amach ar scoil.
Tuigimid gurb iad na tuismitheoirí céad oideachasóirí a bpáistí.
Is iad na tuismitheoirí a dhéanann an cinneadh faoi glacadh na Sacraimintí.
Déantar na páistí a ullmhú do na Sacraimintí ; Sacraimint an Athmhuintearais agus Sacraimint na hEocairiste i Rang 2 agus Sacraimint an Coineartaithe i Rang 6. Is próiséas leanúnach é seo ó Naíonáin bheaga go Rang 6.
Tá gach múinteoir ar an bhfoireann cáilithe chun Teagasc Críostaí a mhúineadh agus chun ranganna a ullmhú do na sacraimintí.
Caitheann páistí Rang 2 éide scoile don Chéad Fhaoistin agus ailb don Chéad Chomaoineach . Caitheann R6 éide scoile do Shearmanas an tSolais agus ailb don Choineartú .

Sacraimint an Athmhuintearais
Baintear úsáid as an dá théarma (Sacraimint an Athmhuintearais agus an Chéad Fhaoistin).
Déanann páistí Rang 2 sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh nuair atá cead faighte ó na tuismitheoirí.

Cuirtear in iúl do thuismitheoirí ag cruinniú eolais ag tús na scoilbhliana gur chúrsa dhá bhliain atá i gceist.
Baintear úsaid as na háiseanna atá ar fáil ar líne agus cuirtear eolas abhaile ag tuismitheoirí go rialta.
Múintear an gníomh dóláis agus an gníomh aithrí do na páistí.

Sacraimint na hEocaraiste
Baintear úsáid as an téarma An Chéad Chomaoineach i Scoil Chualann. Déanann páistí Rang 2 Sacraimint na hEocaraiste a cheiliúradh nuair atá cead faighte ó na tuismitheoirí.
Cuirtear in iúl do thuismitheoirí ag cruinniú eolais ag tús na scoilbhliana gur chúrsa dhá bhliain atá i gceist.
Baintear úsáid as na háiseanna pleanála atá ar fáil don chúrsa "I nGrá Dé" ar líne.
Tabharfar deis do na tuismitheoirí agus do na páistí páirt a ghlacadh sa chlár, "Do This in Memory of Me", a chuirfidh an paróiste ar fáil don scoilbhliain 2018/19.

Sacraimint an Chóineartaithe
Déanann páistí Rang 6 sacraimint an Choirneartaithe a cheiliúradh nuair atá cead faighte ó na tuismitheoirí.
Leantar an clár Beo go Deo go dtí go bhfuil an clár nua I nGrá Dé réidh. Cuirfear béim ar na luachanna ata luaite sa chlár seo.
Is gá do na páistí siombail, tíolachtaí agus torthaí an Spioraid Naoimh a bheith ar eolas acu.

Mar go moltar an gealltanas in aghaidh óil/drugaí agus tabac a thabhairt neamhspleách ar an na searmanais , tugtar cuireadh do rang 6 an gealltanas a thabhairt ag deireadh Shearmanais an tSolais.
Déantar ól agus drugaí a phlé mar chuid den chlár OSPS chomh maith.
Tabharfar deis do na tuismitheoirí agus páistí páirt a ghlacadh sa chlár "Faith Community" sa scoilbhliain 2018/19. Is clár é seo atá paróiste bunaithe.

Oideachais reiligiúin le linn na scoilbhliana
Múintear teagasc Críóstaí gach lá le linn na scoilbhliana.
Tá teastas i múineadh an Chreidimh ag gach ball foirne. Tugtar le fios do thuismitheoirí go ndéantar an Teagasc Críostaí a chomhthathú le hábhair eile an churaclaim go háirithe an OSPS.
Dírítear aird na bpáistí ar dhaoine atá ar an ngannchuid, daoine atá ag fulaingt de bharr tinnis, gorta agus cogaidh.
Tugtar cúnamh dóibh trí bhailiúcháin airgid a eagrú ó am go ham le linn na scoilbhliana.
Cuirtear fáilte roimh chuairt an tsagairt má tá sagart ar fáil.
Tugtar eolas do na páistí ag tionóil na maidine agus sa rang reiligiúin faoin obair mhisinéireachta a bhíonn ar siúl ag carthanais éagsúla. Bíonn béim faoi leith ar obair Thrócaire le linn an Charghais.
Tugtar paidreacha na bliana do na múinteoirí ag tús na bliana.

Socruithe do pháistí nach mbeidh ag freastal ar ranganna Teagasc Críóstaí.
Glactar leis go bhfuil ceart bunreachtúil ag tuismitheoirí a bpáiste a thógail as an rang Teagasc Críostaí.

Ba mhaith linn sibh a chur ar an eolas maidir leis na socruithe atá déanta againn dóibh seo nach mbeidh ag freastal ar na ranganna Teagasc Críostaí.

- Is gá do thuismitheoirí a chinntiú leis an scoil i scríbhinn ag tús na scoilbhliana (an chéad téarma don pháiste) nach mbeidh an páiste ag freastal ar na ranganna Teagasc Críostaí.
- Ní féidir linn seomra eile a chur ar fáil do pháistí nach mbíonn ag freastal ar ranganna Teagasc Críostaí mar níl an spás againn agus níl foireann ar fáil chun aire a thabhairt dóibh. Tá fáilte roimh na páistí sa rang le linn an cheachta. Is féidir le tuismitheoirí teacht agus na páistí a thabhairt leo sula gcuirtear tús leis an gceacht (12.50pm naíonáin, 1.50pm na ranganna eile).
- Tabharfaidh an múinteoir ranga obair /taighde don pháiste a fhanann sa rang.
- Sa chás go mbíonn an rang ag cleachtadh do na Sacraimintí cuirfear na páistí go seomra ranga eile. Tá sé tábhachtach go gcuireann na tuismitheoirí na páistí ar an eolas faoin socrú seo.
- Sa chás go mbíonn an rang ag freastal ar Aifreann ag tús na scoilbhliana , ag deireadh na scoilbhliana nó ar laethanta féile Eaglasta (6 Éanair, 8 Nollaig) is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí na bpaistí socruithe a dhéanamh na páistí a thabhairt leo nó is féidir leis na páistí dul go rang eile (Naíonáin go Rang 1 ag brath ar an méid páistí ata i gceist).
- Cé go gcuireann Scoil Chualann fáilte roimh pháistí go bhfuil creideamh eile acu agus páistí nach bhfuil aon chreideamh acu tá sé tábhachtach go dtuigeann daoine go gcaithfear aon chlár reiligiúin eile a mhúineadh taobh amuigh d'am Scoile.
- Is gá do gach páiste atá ag freastal ar Scoil Chualann meas a léiriú ar éiteas Chaitliceach na Scoile.

Rólanna agus freagrachtaí
Is gá do gach múinteoir ranga Teagasc Críostaí a mhúineadh.
Pléifear Teagasc Críostaí ag cruinnithe foirne ó am go céile

Athbhreithniú
Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go tráth rialta.